V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10705 – BLACKSTONE / CARLYLE / GOLDMAN SACHS / PRIMA)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 202/15)

1. An 12 Bealtaine 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Blackstone Inc. ("Blackstone", na Stáit Aontaithe),

— Carlyle Group, Inc. ("Carlyle", na Stáit Aontaithe),

— Goldman Sachs Group, Inc. ("Goldman Sachs", na Stáit Aontaithe),

— Prima Assicurazioni S.p.A. ("Prima", an Iodáil), faoi rialú compháirteach Blackstone agus duine aonair phríobháidigh.

Gheobhaidh Blackstone, Carlyle agus Goldman Sachs rialú comhpháirteach ar Prima ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna agus conartha.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht bainistíochta sócmhainní domhanda é Blackstone a bhainistíonn cistí,

— Is gnólacht bainistíochta sócmhainní domhanda é Carlyle a bhainistíonn cistí i dtrí phríomhdisciplín infheistíochta: (i) cothromas príobháideach domhanda, (ii) creidmheas domhanda agus (iii) réitigh infheistíochta,

— Is gnólacht domhanda um bhaincéireacht infheistíochta, um urrúis agus um bhainistíocht infheistíochtaí é Goldman Sachs, a sholáthraíonn seirbhísí do chorparáidí, d'institiúidí airgeadais, do rialtais agus do dhaoine aonair,

— Is idirghabhálaí é Prima a dháileann árachas neamhshaoil gluaisteáin, gluaisrothair agus veain (lena n-áirítear cúnamh ar thaobh an bhóthair) agus árachas dliteanais phríobháidigh tí agus teaghlaigh, san Iodáil.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10705 – BLACKSTONE / CARLYLE / GOLDMAN SACHS / PRIMA

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.